“Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh, is féidir leis an mBord scrúdú a dhéanamh ar thaifid agus ar chuntais de chuid tí banaltrais atá faofa nó de chuid tí banaltrais ina bhfuil sé beartaithe ag an úinéir socrutithe a chur i bhfeidhm de réir na scéime.”

Tá sé tábhachtach chun a thabhairt faoi deara go bhfuil an ról teoranta do phraghsanna a idirbheartú le húníréí tithe altranais príobháideacha agus deonacha. Is í FSS atá freagach as riar na scéime, as costais na dtithe altranais poiblí, as próiseáil na n-iarratas agus as bainistíocht ghinearálta ar an maoiniú faoi Scéim um Margadh Cór.

Déantar socrutithe praghsála le tithe altranais príobháideacha, ar mian leo a bheith san áireamh leis an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais, a chur go foirmiúil i scríbhinn i nGníomhas Comhaontaithe idir an CNCC agus úinéir(i) an tí altranais. I measc nithe eile leagtar an méid a leanas amach sa chomhaontú:

- Sainmhíniú ar chúram cónaitheach fadtréimhseach;
- Freagrachtaí na bpáirtithe leis an gconradh (Úinéir an tí altranais agus an CNCC); agus
- An t-uasphraghas comhaontaithe.

Déanann an CNCC moltaí maidir le praghsanna de chuid tithe altranais príobháideacha agus deonacha a mheas faoi bhun ceithre cheannteideal (gan aon ord tosaíochta ag baint leo):

- Na costais a thabhaigh an teach altranais trí ghníomhaíocht chiallmhar stuama agus fianaise ann ar luach ar airgead;
- Praghas/praghhsanna a gearradh roimhe seo;
- Praghas an mhargaidh áitiúil; agus,
- Srianta buiséadacha agus an oibleagáid a chuirtear ar an Stát chun na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is tairbhiúla, is éifeachtúla agus is éifeachtaí chun sláinte agus leas an phobail a fheabhsú, a chur chun cinn agus a chosaint.

Is leis an teach altranais ar leith a bhíonn an idirbheartaíocht (seachas idirbheartaíocht chomhchoiteann le comhlacht ionadaíoch). De ghnáth bíonn roinnt mhaith teagmhála i gceist leis seo agus cruinnithe duine le duine le gach aon úinéir.

Ag deireadh 2019, bhí 438 dteach altranais tar éis comhaontuithe praghsála a shocrú leis an CNCC agus b'ionann an meánphraghas náisiúnta foriomlán a comhaontaíodh leis na tithe altranais agus €992 sa tseachtain. B'ionann sin agus méadú de 2.6% ar an bhfigiúr céanna do dheireadh 2018, arbh ionann é sin agus €968 le haghaidh 434 theach altranais.

Rinne an CNCC an idirbheartaíocht sin le haghaidh 10 mbliana anuas. Thar na 5 bliana seo a chuaigh thart, méadaíodh an meánráta arna chomhaontú le tithe altranais faoi thart ar 2.5% in aghaidh na bliana, agus méadaíodh líon na leapacha i dtithe altranais faoi 600 leaba in aghaidh na bliana, de réir mar a leanann soláthraithe tithe altranais chun teacht isteach san earnáil. Tá an méadú sin ar líon na leapacha ar aon dul a bheag nó a mhór le riachtanais Athbhreithniú ar Thoilleadh 2018 na Roinne Sláinte.

Maidir le tuarascáil 2015 na Roinne Sláinte ar an Scéim um Thacaíocht Tithe Altranais, in 2019 thug an CNCC a Thuarascáil don Aire Sláinte maidir lena chuid breithnithe i dtaca lena ról faoin Scéim.

Ba mhian linn aitheantas a thabhairt don phroifisiúntacht agus don chuírtéis a thug úinéirí na dtithe altranais dár n-ionadaithe le linn don idirbheartaíocht maidir le praghsanna agus táimid ag súil go mór le leanúint ar aghaidh le hobair a dhéanamh leo in 2020.

5.2 Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Tá ról lárnoch i gcur ar fáil chuspóirí straitéiseacha de chuid an CNCC ag Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Tríd is tríd, is é atá i gceist leis sin líonta ar liostaí feithimh na n-othar cónaitheach, na gcásanna lae agus na n-othar seachtrach a bhailíú, a thiomsú agus a thuairisciú agus infhaighteacht, slándáil agus rúndacht ár gcóras TFC a áirithiú. Bainistímid é sin trínár dtrí fhoireann: 1) Anailísiú agus Forbairt Sonrai, 2) Oibríochtaí, Bonneagar agus Slándáil agus 3) Cáilíocht agus Tástail Sonrai.



Eoin Darcy, Stiúrthóir na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Is gné bhunriachtanach den obair uile a dhéanann an CNCC infhaighteacht sonrai tráthúla, leanúnacha agus iontaofa agus leanamar chun gné sin ár gcuid oibre a leathnú trínár sraith tuarascálacha a fhorbairt agus a mhéadú.

Próiseáladh beagnach 14 mhilliún othar cónaitheach/cás lae agus níos mó ná 29.5 milliún taifead ar othair sheachtracha in 2019 le breis agus 1,400 tuarascáil arna dáileadh gach mí. Tá sampla beag de tuarascálacha dheireadh na bliana ar fáil sna leathanaigh ina dhiadh seo.

In 2019 cuireadh ascnamh ár liosta feithimh d'othair sheachtracha i gcrích chuig ardán bunachar sonrai nua agus teicneolaíochtaí Microsoft is déanaí á n-úsáid. Is é a bhí i gceist leis sin beagnach 149 milliún taifead a ascnamh agus athscríobh ár bpróisis lódála sonrai agus ár dtuarascálacha uile. Leis an ascnamh sin ligtear dúinn leas a bhaint as nuashonruithe teicneolaíochta ó Microsoft agus comhtháthú níos éasca a dhéanamh lenár bhforbairtí feidhmchlár nua.



Ba é seachadadh an Chórais Bhainistíochta ar Rochtaí Othar (PAMS) chun tacú le feidhm Choimisiúnaithe an CNCC an dara héacht is mó in 2019. Tá córas PAMS comhtháite lenár gcórais liostaí feithimh d'othair chónaitheacha / cásanna lae agus tugtar tacaíocht leis don phróiseas coimisiúnaithe ó cheann go ceann, ó shainaithint othar le haghaidh cóireála go dtí Ordú Ceannaigh a thionscnamh ar ár gcóras Airgeadais. Is úsáideoirí an chórais iad na baill foirne i ngach ospidéal príobháideach agus poiblí agus idirghníomhaíonn siad go díreach leis. Bronnadh an 1ú duais ar PAMS i nDuaiseanna Cúram Sláinte na hÉireann maidir leis an “Úsáid is Fearr TFC” in 2019.

Tá ról criticiúil ag an CNCC maidir le nuálaíochtaí a thacú san Earnáil Sláinte níos leithne. Ba í nuálaíocht amháin dá leithéid cur i bhfeidhm na gcatagóirí athbhreithnithe um Beartú Tosaíochta Cliniciúil d'othair chónaitheacha / do chásanna lae. Theastaigh athrú ar ár sonraíochtaí sonrai uaidh sin le haghaidh sonrai a bhailíú ó liostaí feithimh. Is é a bhí i gceist leis sin freisin teagmháil a dhéanamh le gach ceann de na hospidéil phoiblí agus sleachta sonrai nua uathu a thástail.

Is gné ríthábhachtach í lomláine Sonrai / Caighdeán Sonrai (DCDQ) den obair a dhéanaimid agus d'eagraíomar roinnt Laethanta um Fheasacht ar Shonrai do gach Grúpa Ospidéal chun feasacht a ardú sna hOspidéil maidir le seiceálacha agus cosaintí a chuirimid i bhfeidhm chun cruinneas ár sonrai a dheimhniú. Leis an DCDQ, cuitear ar ár gcumas a bheith in ann a dheimhniú go bhfaighimid sonrai atá comhsheasmhach, ar ardchaighdeán ó na hospidéil aonair ionas gur féidir linn a bheith in ann, dá réir sin, foinse faisnéise a chur ar fáil atá iontaofa chun pleánail bunaithe ar fhianaise a éascú agus bainistíocht ar liostaí feithimh a éascú ar leibhéal an Ospidéil, ar leibhéal an Ghrúpa Ospidéal agus ar leibhéal Náisiúnta. Oibrímid i ndlúthchomhar leis an bhFoireann Iníúchóireachta & Dearbhaile Cáilíochta a dhéanann iniúchadh agus tuairisciú maidir

le comhlíontacht sa réimse sin. Chun tacú leis an bhfoireann inár n-iarrachtaí maidir le DCDQ, d'fhorbraíomar Dais um Cháilíocht Sonraí chun ligean dóibh saincheisteanna DCDQ ar bith a bhreathnú agus a thuairisciú a thagann chun cinn.

Tá an fhoireann Oibríochtaí, Bonneagair, & Slándála dár chuid ag leanúint ar aghaidh le huasghrádaithe a dhéanamh agus nuair is gá, comhpháirteanna ár líonra agus ár mbonneagair a athsholáthar d'fhoínt infhaighteacht agus slándáil na seirbhísí TF uile a áirithiú. I measc na n-uasghráduithe a cuireadh i gcrích in 2019 bhí ár mballaí dóiteáin, an VPN, uasghrádú an Chórais Oibriúcháin ar na freastalaithe uile agus uasghrádú Office 2016 ar gach meisín deisce. Rinneamar nasc cumarsáide 1GB tiomnaithe nua a shuiteáil freisin chun seasmhacht ár nasc sonraí a chumasú. Soláthraíonn an fhoireann Oibríochtaí, Bonneagair agus Slándála feidhm Deisce Seirbhíse freisin chun riachtanais TF na fairne CNCC uile a sheirbheáil.

Trí phróisis um Athshlánu ó Thubaiste (AT) agus trí phróisis um Leanúnachas Próiseas Gnó áirithítear gur féidir leis an CNCC leanúint le hoibriú sa chás go gcuireann tubaiste mhór isteach ar rochtain ar ár gcórais. In 2019 rinneamar seirbhís AT nua a aimsiú lena n-áiritheofar go mbeidh ár gcórais mhóra uile ar fail dár n-úsáideoirí i gcás go dtarlaíonn aon tubaiste.

Is mian le hAonad TFC aitheantas a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara agus díoltóirí uile agus buíochas a ghabháil leo as a gcuid ama agus as a rannpháirtíocht i dtionscadail le linn 2019 agus táimid ag tnúth le leanúint le hobair a dhéanamh leo in 2020.

5.3 An Stiúrthóireacht Iniúchta, Dearbhaite Cáilíochta agus Taighde agus Rúnaíocht an Bhoird



Réamhrá

Tá an Stiúrthóireacht seo gníomhach laistigh de thrí réimse shuntasacha laistigh den CNCC:

- Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC)
- Taighde
- Rúnaíocht an Bhoird

Liz Lottering, Stiúrthóir
Iniúchta, Dearbhaite
Cáilíochta agus Taighde
Rúnaí an Choiste

Iniúchadh agus Dearbhú Cáilíochta (IDC)

Bunaíodh an fheidhm Iniúchta agus Dearbhaite Cáilíochta (IDC) sa CNCC i mBealtaine 2014 faoi lonstraim Reachtúil an CNCC (2004, I.R. Uimh. 179). Ón tréimhse sin bhí ról tábhachtach aici maidir leis an eagraíocht a thacú chun ceann amháin dá príomhfheidhmeanna a sheachadadh, is é sin chun “sonraí ó liostaí feithimh ospidéal a bhailliú, a thiomsú agus a bhailíochtú”. Is é príomhchuspóir na feidhme IDC cruinneas na dtuairisceán faisnéise maidir le liostaí feithimh ó ospidéil phoiblí chuig an CNCC a iniúchadh agus a gcáilíocht a dhearbhú, trí chomhlíontacht a thástail i gcoinne na bprotácal bainistíochta náisiúnta um liostaí feithimh agus na dtacar sonraí íosta. Is príomhspreagthóir iad tortaí agus moltaí ó iniúchtaí maidir le feabhsuithe agus caighdeánú i gcleachtais bainistíochta um liostaí feithimh agus maidir le cruinneas na dtuairisceán sonraí faoi liostaí feithimh chuig an CNCC le haghaidh tuairisciú náisiúnta.

Trí chreat an phróisisiniúchta IDC úsáidtear cur chuige docht, córasach maidir le hiniúchtaí a phleanáil, a chur i bhfeidhm, a fhiosrú agus a bhainistiú..

In 2019 áiríodh an méid a leanas le gníomhaíochtaí na feidhme IDC:

- Iniúchadh Speisialta 2018 - Tuarascáil Dheireanach a eisiúint agus a fhoilsíú
- Clár Iniúchta 2019 ar Othair Sheachtracha - Cruinneas na nAighneachtaí um Liostaí Feithimh Othar Cónaitheach chuig an CNCC
- Clár Leathnaithe SEI (Measúnacht Staitistiúil ar Mhírialtachtaí)

A. Iniúchadh Speisialta 2018 - Tuarascáil Dheireanach a fhoilsíú

Cuireadh Clár Iniúchta Speisialta i gcrích in 2018 ar iarratas ón Roinn Sláinte. Ba shíneadh é sin ar Chlár Iniúchta Speisialta 2017 a d'iarr an tAire Sláinte d'fhoinn cur le clár oibre níos leithne faoi cheannas FSS chun feidhmíocht fheabhsaithe a spreagadh i mbainistíocht ar liostaí feithimh. Ba é an aidhm chun cáilíocht agus cruinneas na sonraí a iniúchadh arna gcur ar ais ag ospidéil agus chun a sheiceáil go raibh cleachtais bhainistíochta um liostaí feithimh ar aon dul le protácal náisiúnta le haghaidh liostaí othar cónaitheach, cásanna lae nó gnáthamh beartaithe agus le treoir um thacair sonraí íosta. Eisíodh tuarascáil dheireanach Iniúchadh Speisialta 2018 don Aire Sláinte i Mártá 2019 agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin na Roinne Sláinte. Leis an tuarascáil soláthraítear forléargas ar threochtaí coitianta maidir leis na tortaí agus moltaí príomhúla ar fud na n-ospidéal arna n-iniúchadh faoi Chlár an Iniúchta Speisialta leathnaithe. Trí chur i bhfeidhm na moltaí sin feabhsófar bainistíocht ar liostaí feithimh ar fud na n-ospidéal ar bhonn náisiúnta.

B. Clár Iniúchta 2019 ar Othair Sheachtracha - Cruinneas na nAighneachtaí um Liostaí Feithimh Othar Cónaitheach chuig an CNCC

Is é a bhí i gceist le Clár Iniúchta ar Othair Sheachtracha ná athbhreithniú ar chruinneas agus ar iontaofacht sonraí ó aighneachtaí sonraí maidir le liostaí feithimh ó ospidéil phoiblí chuig an CNCC le haghaidh tuairisciú náisiúnta ar liostaí feithimh. Oibríonn an fheidhm IDC laistigh den CNCC i ndlúthchomhar leis na 43 ospidéal a chuireann comhaid sheachtainiúla um liostaí feithimh othar seachtrach isteach (amhail Eanáir 2019), de réir na treorach um shleachta ó phríomhchomhaid. Tá an fheidhm IDC laistigh den CNCC freagrach as foilsíú míosúil ar an ngréasáin na faisnéise náisiúnta maidir le liostaí feithimh d'othair sheachtracha agus, amhail Eanáir 2019, bhí rud beag níos mó ná 520,000 taifead á bpróiseáil maidir le hothair sheachtracha gach seachtain.

D'fhoill cruinneas agus iontaofacht na n-aighneachtaí sonraí seachtainiúla sin chuig an CNCC a áirithiú, rinne an fheidhm IDC na 43 ospidéal poiblí géarchúraim a rátáil de réir riosca a chuireann aighneachtaí seachtainiúla ar ais agus roghnaódh 15 ospidéal lenar bhain na méideanna céatadán is airde a bhí ag feitheamh níos mó ná 12 mhí le hiniamh ar chlár iniúchta dírithe a bhí le cur i bhfeidhm in 2019. San iomlán b'ionann na 15 ospidéal sin agus 65% de na hothair a bhí ag feitheamh níos mó ná 12 mhí. Tacaódh leis an gclár iniúchta sin ag Plean Rochtana Cúram Sceidealaithe le haghaidh 2019 de chuid na Roinne Sláinte.

Ba iad aidhmeanna agus cuspóirí an iniúchta sin na nithe a leanas a dhéanamh:

- Dearbhú oibiachtúil neamhspleách a sholáthar maidir le cruinneas agus iontaofacht na sonraí faoi liostaí feithimh d'othair sheachtracha a chuirtear isteach chuig an CNCC le haghaidh tuairisciú náisiúnta;
- Saincheisteanna a shainaithint a bhfuil tionchar acu ar chruinneas aighneachtaí sonraí faoi liostaí feithimh d'othair sheachtracha ó ospidéil aonair agus na treochtaí coitianta a shainaithint a théann i bhfeidhm ar thuairisciú náisiúnta;
- Moltaí a dhéanamh bunaithe ar thorthaí arna nginiúint le haghaidh ospidéil aonair; agus
- Tuarascálacha a sholáthar ó ospidéil aonair agus tuarascáil fhioriomlán a sholáthar do pháirtithe leasmhara sonraithe.

Sholáthair an fheidhm IDC na tuarascálacha iniúchta ó na 15 ospidéal aonair faoi dheireadh Mhí na Nollag 2019. Déanfar tuarascáil lena soláthrófar achoimre agus príomh-mholtaí bunaithe ar théamaí coitinne arna sainaithint ar fud na 15 ospidéal a eisiúint don Roinn Sláinte in 2020.

C. An Clár Leathnaithe um Measúnacht Staitistiúil ar Mhírialtachtaí (SEI)

Is feidhm í an Mheasúnacht Staitistiúil ar Mhírialtachtaí (SEI) a thagann faoi chuimsiú go compháirteach na Stiúrthóireachta TFC agus na Stiúrthóireachta Iniúchta, Dearbhaile Cáilíochta agus Taighde laistigh den CNCC. Cé go bhfuil lucht bainistíochta agus Boird na n-ospidéal poiblí aonair freagrach ag deireadh an lae as cruinneas agus as sláine na sonraí faoi othair a chuirtear isteach chuig an CNCC, is é cuspóir an chláir leathnaithe SEI aimhrialtachtaí, patrúin nó treochtaí neamhghnácha a scrúdú, a mheasúnú agus a fhiosrú i sonraí faoi liostaí feithimh arna soláthar le haghaidh foilsithe. Is é ról IDC sa phróiseas sin na céimeanna sin a ghlacadh maidir le teagmhais imeachta aonair agus anailísíú le haghaidh treochtaí carnacha a dhéanamh ar shonraí a sholáthraítear trí roinnt tuarascálacha míosúla agus carnacha caighdeánaithe arna ndearadh i gcomhar leis an rannóg TFC.

- Glactar le hatreoruithe SEI ón rannóg TFC, ó pháirtithe leasmhara eile an CNCC agus ó pháirtithe leasmhara neamhspleácha (e.g. an Roinn Sláinte, FSS, Grúpaí Ospidéil) agus scrúdaítear iad go mion. In 2019, fuarthas ocht n-atreorú le haghaidh scrúdaithe, agus cuireadh deireadh leo.

Taighde

Rinne an CNCC tionscadal taighde neamhspleáach a choimisiúnú le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath maidir le tuairisciú de réir dea-chleachtas idirnáisiúnta ar liostaí feithimh i.e. Othair Chónaitheacha, Cásanna Lae, Gnáthaimh Bheartaithe agus Othair Sheachtracha. Cuireadh an tuarascáil dheireanach ‘Identifying Best Practices in Waiting Time and Waiting List Reporting, following an Empirical Evaluation of Reporting Models from 20 Sample International Jurisdictions - A Report of Trinity College Dublin’ (Dea-chleachtais a Shainaithint maidir le Tuairisciú ar Agaí Feithimh agus ar Liostaí Feithimh, tar éis Measúnacht Thurgnamhach ar Shamhlacha Tuairiscithe ó 20 Dlínse Idirnáisiúnta Samplach - Tuarascáil de Chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath’) i gcrích agus fuair an CNCC í in Aibreán 2019.

Rúnaíocht an Bhoird

Tá Rúnaíocht an Bhoird freagrach as bainistíocht riarracháin pháipéir an Bhoird, as féin-mheasúnú an Bhoird, as nochtuithe bliantúla don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, as clárlanna nochtuithe, as oiliúint agus forbairt an Bhoird, as tuairisceáin um chomhlíontacht ón mBord chuig an Roinne Sláinte agus as beartais agus nósanna imeachta maidir le rialachas an Bhoird.

Conclúid

Ba mhaith leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sna hospidéil, sna grúpaí ospidéal, san FSS agus sa Roinn Sláinte as a ranmpháirteachas leanúnach leis an bhfeidhm iniúchta le linn 2019.

5.4 An Stiúrthóireacht um Nuáil Próiseas

Réamhrá

Tá an tAonad um Nuáil Próiseas (PIU) freagrach as obair an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a threorú maidir le próisis agus córais oibriúcháin a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a choimeád laistigh den CNCC agus maidir le bainistíocht ar liostaí feithimh sa tseirbhís sláinte ar bhonn náisiúnta. Trí threoir, próisis agus córais náisiúnta a fheabhsú, spreagann an tAonad faisnéis ardchaighdeáin maidir le hothair, cothromas, rialachas feabhsaithe, caighdeánú náisiúnta, éifeachtúlacht agus soláthar rochtana agus agaí feithimh níos giorra d'othair.



Alison Green,
an Stiúrthóir um Nuáil
Próiseas

Ba bhliain tháirgíúil í 2019 don PIU de réir mar a lean sé chun an tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta (NCVU) arna bhunú le déanaí a fhorbairt, agus chun a bheith i gceannas ar raon nua de thionscadail athraithe agus feabhsaithe nua ar an mórscaíla sa tseirbhís sláinte a sholáthar. Déantar tionscadail uile an PIU a bhainistiú agus a sheachadadh trí rannpháirteachas fairsing le páirtithe leasmhara, agus roinnt modheolaíochtaí cruthaithe á n-úsáid lena n-áirítear PRINCE, LEAN agus Agile.

Réimse Tionscadal agus Imeachtaí 2019

Le linn 2019, lean an PIU chun roinnt tionscadal agus imeachtaí nuálacha a sheachadadh lenar áiríodh:

- Taighde ar Chomhfhreagras le hOthair - ‘An Tionscnamh um Litreacha Níos Fearr’
- Foirm Áirithinte Chaighdeánaithe Náisiúnta um Iontrálacha Othar Cónaitheach agus Cásanna Lae
- Clár Oiliúna agus Forbartha IDPP 2018
- Córas Bainistíocha ar Rochtain Othar (PAMS)
- Méadracht Phoist um Rochtain ar Ospidéil
- Freagairt Uathoibrithe Ar Líne Othar (POLAR)
- Prótacal i leith Bainistíocha ar Liostaí Feithimh d’Othair Sheachtracha 2020
- Beartú Tosaíochta Cliniciúil

Taighde ar Chomhfhreagras le hOthair - ‘An Tionscnamh um Litreacha Níos Fearr’

Le linn 2019, lean an PIU chun obair a dhéanamh i ndlúthchomhar le Foireann Taighde na Roinne Sláinte agus le FSS maidir leis ‘An Tionscnamh um Litreacha Níos Fearr’ d’fhonn comhfhreagras feabhsaithe le hothair a fhorbairt agus a thástáil maidir leis na nithe a leanas:

- Litreacha faoi Choinní d’Othair Chónaitheacha agus do Chásanna Lae
- Bileog Faisnéise d’Othair Chónaitheacha agus do Chásanna Lae

Rinneadh tástálacha agus anailís ar dhá láithreán ospidéil chun litir faoi choinne a shaináithint lena ndéanfaí rannpháirteachas othar a fheabhsú, lena laghdófaí cealuithe ó othair (CNAnna) agus Neamhfhreastal (DNA Anna).

Eiseofar moladh d’ospidéil ar bhonn náisiúnta go luath in 2020 d’fhonn comhfhreagras caighdeánach nua a úsáid agus cumarsáid á déanamh le hothair maidir le coinní d’othair chónaitheacha agus do chásanna lae.

Foirm Áirithinte Chaighdeánaithe Náisiúnta um Iontrálacha Othar Cónaitheach agus Cásanna Lae
Tugadh Foirm Áirithinte Náisiúnta isteach i Meitheamh 2019. Rinne an Grúpa Stiúrtha IDPP Náisiúnta an fhoirm sin a dhearadh, agus an Stiúrthóir um Nuáil Próiseas ina cathaoirleach air. Ar an nGrúpa seo tá ionadaithe ón Roinn Sláinte, ó FSS agus ó Ghrúpaí Ospidéal agus spreagann sé athchóirithe agus feabhsuithe a bhaineann le bainistíocht liostaí feithimh um Othair Chónaitheacha, Cásanna Lae agus Gnáthaimh Bheartaithe (IDPP) ar bhonn náisiúnta. Ós rud go raibh an fhoirm áirithinte ina cumasóir bunriachtanach maidir le Beartú Tosaíochta Cliniciúil a chur i bhfeidhm go céimneach, a chur chun feidhme agus a thuairisciú, arna thabhairt isteach ag FSS i Feabhra 2019, bhí ionchur ó Chláir Cúram Chliniciúil FSS ina forbairt.

Clár Oiliúna agus Forbartha um Othair Chónaitheacha, Cásanna Lae agus Gnáthaimh Bheartaithe (IDPP)

Cuireadh túis leis an gClár Oiliúna agus Forbartha um Othair Chónaitheacha, Cásanna Lae agus Gnáthaimh Bheartaithe (IDPP) ag deireadh 2018 agus cuireadh deireadh leis go luath in 2019. Ba é cuspóir an chláir oiliúint a chur ar fáil don fhoireann riarracháin in ospidéil ar fud na tíre maidir le riarrachán agus tuairisciú ar liostaí feithimh chuig an CNCC. Cuireadh chun feidhme é i gcomhar le Roinn TFC de chuid an CNCC.

Córas Bainistíochta ar Rochtaí Othar (PAMS)

I mBealtaine 2019, cuireadh an Córas Bainistíochta ar Rochtaí Othar (PAMS) i bhfeidhm. Le PAMS tugtar tacaíocht do phróisisis choimisiúnaithe um othair chónaitheacha agus cásanna lae an CNCC agus soláthraítear foinse aonair faisinéise leis maidir le stádas othar a dhéanann cúram in ospidéil a rochtain trí thionscainmh arna maoiniú ag an CNCC. Is é an chéad chóras é trína bhfultear in ann dul chun cinn othar a rianú agus a thuairisciú ar fud Ospidéil Phoiblí agus Phríobháideacha uile, agus ar an mbealach sin infheictheacht agus follasacht níos mó a sholáthar maidir leis an gconair d'othair.

Tá PAMS in úsáid i 44 ospidéil phoiblí agus i 19 n-ospidéil phríobháideacha. Fuair ospidéil a ghlaicann páirt i dtionscainmh arna maoiniú ag an CNCC agus a úsáideann PAMS Oiliúint agus Forbairt um PAMS ón PIU.

Róimh fheidhmiú céimneach PAMS rinne an CNCC Imeacht Taispeána PAMS Náisiúnta a eagrú, a óstáil agus a éascú san Ostán Ashling in Aibreán. D'fhreastail níos mó ná 250 toscaire ar an imeacht sin a rinne ionadaíocht ar son Ospidéil Phoiblí agus Phríobháideacha ar fud na tíre.

Méadracht Phoist um Rochtaí ar Ospidéil

Is í Méadracht Phoist an córas uathoibrithe arna úsáid ag an CNCC chun comhfhereagras agus rannpháirteachas othar leis an bpróiseas bailíochtaithe a rianú. Leis an gcóras soláthraítear faisinéis fhíor-ama maidir le freagairtí othar do bhaillíochtú agus baineann cumaíscithe leis freisin. Thosaigh an CNCC ag obair leis na soláthraithe poist in 2019 d'fhoínn rochtain a sholáthar do na hospidéil ar an gcóras sin. Cuirfear rochtain ar fáil d'ospidéil in 2020 in éineacht leis an oiliúint, an fhorbairt agus an tacaíocht a theastaíonn. Trí rochtain a sholáthar d'ospidéil ar an gcóras sin feabhsaítear slándáil sonraí agus cuirtear ar chumas na n-ospidéil tuarascálacha fíor-ama a aimsiú maidir le bailíochtú agus chun beart a dhéanamh láithreach maidir le freagairtí ó othair.

Rogha um Fhreagairt Uathoibrithe Ar Líne Othar (POLAR)

In 2019, thosaigh an CNCC ag obair le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun na riachtanais a shainaith d'fhoínn rogha freagartha ar líne atá slán agus so-úsáidte a fhorbairt

d'othair a fhreagraíonn do chomhfhereagras um bailíochtú. Leis an gcóras sin soláthrófar rogha áisiúil d'othair, méadófar rátaí na bhfreagairt, laghdófar na hagaí freagartha, laghdófar costais agus méadófar eifeachtúlachtaí. Shainainthín grúpa oibre an tionscadail rannpháirteachas othar, cosaint sonraí agus slándáil sonraí mar phríomhchompháirteanna den tionscadal sin.

Prótacal i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d'Othair Sheachtracha (OP) 2020

I Samhain 2019, d'iarr an Roinn Sláinte go nglacfadh an CNCC leis an bhfreagairt thosaigh in 2020 as athbhreithniú a dhéanamh ar Phrótacal um Liostaí Feithimh d'Othair Sheachtracha agus chun é a ailiniú le prionsabail an Phrótacail i leith Bainistíochta ar Liostaí Feithimh d'Othair Sheachtracha. Bunaíodh Tionscadal um Bainistíocht ar Liostaí Feithimh d'Othair Sheachtracha, cuireadh tú le taighde agus cuireadh tú le Ceardlann um Othair Sheachtracha a eagrú.

An tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta (NCVU)

Bunaíodh an tAonad Bailíochtaithe Láraithe Náisiúnta (NCVU) i Meán Fómhair 2018 mar aonad laistigh den CNCC. Oibríonn sé mar shamhail acmhainní cumaiscthe agus seachtar ball fairne ann arna dtacú le húsáid seirbhíse poist.

Rinne an NCVU na cláir fhoirmiúla riarracháin um bailíochtú liostaí feithimh d'Othair Sheachtracha, d'Othair Chónaitheacha agus do Chásanna Lae a shruthlíníú agus a chaighdeánú. Leis an bpróiseas bailíochtaithe áirithítear go ndéantar teagmháil rialta le hothair ar liostaí feithimh ospidéal, nó atá ag feitheamh le haghaidh tréimhsí fada ar rochtain ar chúram, chun a shainaithint cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad réidh, toilteanach agus ar fáil chun freastal ar choinní ospidéal.

Le linn 2019, rinne an CNCC 266,493 othar a bhailíochtú ar fud 37 n-ospidéal, agus baineadh 52,921 othar ó na liostaí feithimh mar ní raibh rochtain ar chúram de dhíth orthu níos mó. I dTábla 1 thíos soláthraítear miondealú ar an bhfaisnéis sin.

Tábla 3. Clár Bailíochtaithe 2019

Clár Bailíochtaithe 2019		
Liostaí Feithimh	Othair arna mBailíochtú	Othair arna mBaint
Othair Chónaitheacha agus Cásanna Lae	29,967	7,651
Othair Sheachtracha	236,526	45,270
lomlán	266,493	52,921

Aitheantas

Ba mhian leis an Aonad um Nuáil Próiseas aitheantas a thabhairt do na hionadaithe uile, agus buíochas a ghabhail leo, ón Roinn Sláinte, ó FSS, ó na Grúpaí Ospidéil agus ó ospidéil aonair as ucht a gcuid ama agus as a rannpháirtíocht i dtionscadail le linn 2019 agus táimid ag súil le bheith ag leanúint le hobair a dhéanamh leo in 2020.

5.5 Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha i gceannas ar an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha arna tacú ag foireann bheag thiomanta de thriú ball foirne. Oibríonn an Stiúrthóireacht chun a áirithiú go mbíonn oibríochtaí, struchtúir, próisis agus córais chorparáideacha i bhfeidhm chun tacú leis an eagraíocht chun an Straitéis Chorparáideach a chomhlíonadh. Tá feidhmeanna ag an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha maidir le hacmhainní daonna, rialachas corparáideach agus réimsí eile oibriúcháin.



Eamonn Horgan,
Stiúrthóir Seirbhísí
Corparáideacha

Déanann an Rannán obair an CNCC a thacú agus a threorú trí straitéisí a dhearadh, a phorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhonn feidhmíocht a chothú agus a chumasú ag daoine aonair cumasacha agus tiomanta. Sa bhréis air sin, áirithíonn an Stiúrthóireacht Seirbhísí Corparáideacha go mbíonn timpeallacht oibre iomchuí ann ina bhfuil oifigí, áiseanna agus trealamh atá oiriúnach. Anuas air sin, tugann an Stiúrthóireacht tacaíocht d'fhoireann an CNCC trí bheartais agus nósanna imeachta iomchuí a phorbairt agus a chur i bhfeidhm, trí shócmhainní na heagraíochta a chosaint agus trí luach ar airgead a áirithiú maidir leis an gcaiteachas dá cuid.

AN STIÚRTHÓIREACHT SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Rialachas Corparáideach

Soláthar
Bainistíocht ar chonarthaí
Beartais agus nósanna
imeachta.
Bainistíocht riosca

Réimsí oibriúcháin eile

Sláinte agus Sábháilteachta
Saoráil Faisnéise
Cosaint Sonraí
Bainistíocht Saoráidí
Bainistíocht Taifead

Acmhainní Daonna

Soláthar seirbhíse
Acmhainní Daonna
Forbairt eagraíochta
Forbairt gairmeacha agus
bainistíocht tallainne
Oiliúint, foghlaim agus
forbairt

An Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach

Tá an Cód Cleachtais le haghaidh an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála a Rialú bunaithe ar an 'gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú' nuashonraithe arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mBealtaine 2009. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan athbhreithnithe den Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an 'Cód nua') a tháinig i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2016.

Rinne an CNCC a Chód um Beartas agus Nósanna Imeachta Rialachais a phorbairt agus a fhoilsíú agus comhlíontar riachtanais nua an Chóid leis maidir le 2019. Oibríonn Seirbhísí Corparáideacha leis na Stiúrthóireachtaí eile d'fhonn comhlíonadh an Chóid a áirithiú.

Eitic in Oifigí Poiblí

Tá an CNCC san áireamh le hlonstraim Reachtúil Uimh. 672 de 2005 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí. Is poist ordaithe iad poist Chomhaltaí Bhord an CNCC agus post an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus chomhlíon siad a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíochta sin.

Bainistíocht Riosca

Trí na róil agus feidhmeanna dá chuid a chomhlíonadh bíonn an CNCC gan chosaint ar éagsúlacht de rioscaí straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. D’fhéadfadh na rioscaí sin teacht chun cinn ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha agus d’fhéadfadh siad cosc a chur ar chumas an CNCC, nó dul i gcion go tromchúiseach ar a chumas, chun a chuid cuspóirí a bhaint amach.

Ar aon dul le “Treoir um Bainistíocht Riosca do Ranna agus d’Oifigí Rialtais”, arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2016) agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016), shocraigh an CNCC inghlacthacht riosca na heagraíochta agus d’fhorbair sé beartais chun na rioscaí atá os a chomhair a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú. Trí bhainistíocht éifeachtach ar riosca ligtear don CNCC a bhainistíocht straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais a fheabhsú.

Cuirtear Bainistíocht Riosca san áireamh le Téarmaí Tagartha an Choiste Iníúchóireachta agus Riosca agus curtear de chúram ar an gCoiste go díreach chun maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Is mír bhuan í bainistíocht riosca ar chláir oibre Bhord an CNCC agus ar chláir oibre na gCoistí Iníúchóireachta agus Riosca agus Cúram d’Othair.

Cuirtear na rioscaí atá rangaithe san áit is airde ar chlár rioscaí an CNCC ag deireadh 2019 ar fáil in *Aguisín ii*.

Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminteacha

Leanann an CNCC lena chuid oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le hiarratais faoi Shaoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminteacha a fhreagairt. Tháinig an CNCC faoi chuimsiú an Achta um Shaoráil Faisnéise le rith Rialacháin 2006 an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlacthaí Ordaithe), a bhí i bhfeidhm ón 31 Bealtaine 2006. Tá an CNCC fós faoi raon feidhme na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Sa bheis ar iarratais a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 de réir mar a fhaightear iad, d’fhoilsigh an CNCC Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise chun iarratasóirí a threorú tríd an bpróiseas um Shaoráil Faisnéise agus maidir le hiarratas a chur isteach chuig an CNCC.

Fuair an tÚdarás 26 iarratas um Shaoráil Faisnéise le linn 2019 (34 iarratas in 2018) agus sholáthair sé faisnéis maidir le 162 cheist pharlaiminteacha in 2019, (106 iarratas in 2018).

Ídiú Fuinnimh

Leag an Rialtas sprioc síos don earnáil phoiblí chun coigilteas 33% a dhéanamh trí éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020, rud atá comhionann le 3,240 GWh. Is ionann sin agus 10% den choigilteas fuinnimh a theastaíonn faoi 2020 don gheilleagar iomlán (leagadh síos sprioc náisiúnta de choigilteas 20% don gheilleagar ina iomláine). D’fhoill an coigilteas sprioctha a bhaint amach forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (NEEAP) agus in éineacht le Rialacháin 2009 na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh Úsáide Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) tugadh sainordú maidir leis na hoibleagáidí agus spriocanna a leanas:

- Ón 1 Eanáir 2011 cuirfidh comhlachtaí na hearnála poiblí uile ráiteas san áireamh lena dtuarascálacha bliantúla lena gcuirfear síos ar na bearta atá á nglacadh acu chun an éifeachtúlacht fuinnimh dá gcuid a fheabhsú mar aon le measúnú ar an dul chun cinn dá gcuid i dtreo na sprice de 33%;
- Cuirfidh siad cláir éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm do Ranna Rialtais, do Ghníomhaireachtaí Stáit, d'Údaráis Áitiúla, don tSeirbhís Sláinte agus do réimsí uile eile na hearnála poiblí;
- Cuirfidh siad beartais soláthair i bhfeidhm atá tíosach ar fhuinneamh; agus
- Ní foláir nó go mbeidh Teastas Taispeána Fuinnimh ar taispeáint ag gach foirgneamh de chuid na hearnála poiblí atá níos mó ná 1,000m² chun an úsáid fuinnimh iarbhír a thaispeáint mar aon leis an Rátáil Fuinnimh don Fhoirgneamh.

Tá oifig amháin ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála atá suite i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach. Tá an oifig suite ar dhá urlár i bhfoirgneamh oifigí iláitithe. Níl an t-achar urláir atá léasaithe níos mó ná 1,000m² nuair a bhíonn Teastas Taispeána Fuinnimh de dhíth.


Tuairiscíonn an CNCC ar a fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi IR Uimh. 542/2009 - Rialachán 2009 na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh Úsaide Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh). Tá an tuarascáil ar ídiú fuinnimh bunaithe ar líon na gcoibhéisí fostaithe lánaimseartha de chuid an CNCC. Glacadh leis an gcur chuige sin mar bhí athrú suntasach ar líon na bhfostaithe de chuid an CNCC le linn na tréimhse tuairiscithe.

In 2019, d'ídigh an CNCC 303,872 kWh fuinnimh, lenar áiríodh:

- 134,475 kWh (2018: 123,009 kWh leictreachais; agus
- 169,397 kWh (2018: 133,263 kWh breoslaí iontase (téamh).

Leis an ngraf a leanas taispeántar an t-ídiú fuinnimh stairiúil don CNCC ag tosú ag an mbliain bhonnlíne 2009 suas go dtí 2019.

Graf 1: Ídiú Fuinnimh Stairiúil an CNCC



Tá an CNCC tiomanta dá spriocanna um choigilteas fuinnimh a bhaint amach i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá leagtha síos ag laghdú 33% ar ídiú fuinnimh sa tréimhse 2009 go dtí 2020. Bhain an CNCC laghdú 9% ar ídiú fuinnimh amach i gcomparáid leis an ídiú bonnlíne suas go dtí 2019. Mar thionóna i bhfoirgneamh oifigí iláitithe is dúshlán fós é laghduithe breise a bhaint amach ar ídiú fuinnimh ach tá an eagraíocht fós tiomanta don ídiú fuinnimh a laghdú a thuilleadh. Chun na críche sin tá na gníomhaíochtaí a leanas beartaithe in 2020:

- Leanúint le gairis atá tíosach ar fhuinneamh a aimsiú agus trealamh á athsholáthar;
- An soilsíú reatha a athsholáthar le soilsíú LED atá tíosach ar fhuinneamh;
- Úsáid mhéadaithe comhfhreagrais dhigitigh a chur chun cinn; agus
- Úsáid fuinnimh atá freagrach a chur chun cinn ar bhonn leanúnach laistigh den eagraíocht.

An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2019

6. Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Ráitis Airgeadais don Bhliain dár Críoch an 31 Nollaig 2019
Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Clár Ábhar

Leathanach

Faisnéis Ghinearálta	33
Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	34 - 38
An Ráiteas ar Rialú Inmheánach	39
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	42
An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe	43
An Ráiteas ar an Staid Airgeadais	44
An Ráiteas ar Shreafaí Airgid	45
Nótaí leis na ráitis airgeadais	46 - 56

Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála

Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí an Bhoird:

John Horan (Cathaoirleach)
Patricia Byron
Bernadette Costello
Patrick Gibbons
Terry McWade
James Melly
Jack Nagle
Brendan O'Donoghue
Anne Stewart

Rúnaí an Choiste::

Liz Lottering

Ceannoifig:

Ashford House
Tara Street
Dublin 2

Uimh. Theileafón:

+353 1 6427 101

Uimh. Faics:

+353 1 6427 102

Láithreán Gréasáin:

www.ntpf.ie

Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
An Port Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

Baincéirí Príomhúla:

Banc AIB Teoranta
Bóthar Shoird
Seantrabh
Baile Átha Cliath 9

Aturnaetha:

Philip Lee Solicitors
7/8 Ardán Wilton
Baile Átha Cliath 2

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

Rialachas

Bunaíodh Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) faoi lonstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. 179 - An tOrdú um Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú), 2004, arna leasú ag I.R. Uimh. 125 de 2007, an tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) 2007 agus an tAcht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais (2009). Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 4 de I.R. 179. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntí agus feidhmíonn sé an tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le príomhshaincheisteanna gnó uile. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil an CNCC. Ní mór don POF agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leanúint arna leagan síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a áirithíú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird ar na príomhgníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dhócha a thiocfadh chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar dhuine teaghmála díreach idir an mBord agus lucht bainistíochta an CNCC.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san lonstraim Reachtúil. Áirítear leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna
- Tuarascálacha ó na coistí
- Athbhreithniú ar chlár na rioscaí
- Tuarascálacha airgeadais/cuntas bhainistíochta
- Tuarascálacha ar fheidhmíocht
- Cúrsaí forchoimeádta

Éilítéar le hAlt 6(10.1) den lonstraim Reachtúil go gcoimeádfaídhe Bord an CNCC, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Sláinte, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord nó a chaithfidh sé.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear an méid seo a leanas ar an CNCC:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastachán a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin más rud é nach bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme
- Chun a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar leanúint)

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas chun a áirithíú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 6(10.1) den Ionstraim Reachtúil. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus iontaofacht na faisnéise corporáidí agus airgeadais atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCC. Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus an buiséad a fhaomhadh.

Tá an Bord freagrach as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is í tuairim an Bhoird go dtugtar léargas fíor agus cóir le ráitis airgeadais an CNCC ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CNCC amhail an 31 Nollaig 2019 seachas neamh-chomhlíontacht maidir le ceanglais FRS 102 i dtaca le hoibleagáidí um shochair scoir. Tugtar míniú ar shochair scoir ar bhonn ‘íocatar mar a úsáidtear’.

Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí, agus ceapann an tAire Sláinte gach duine acu. Ceaptar comhaltaí an Bhoird do thréimhse trí bliana agus tagann siad le chéile ar bhonn rialta. Sa tábla thíos sonraítear na dátaí ceapacháin is déanaí do chomhaltaí ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Comhalta an Bhoird	Ról	Dáta Ceapacháin is Déanaí
John Horan	Cathaoirleach	03 Meitheamh 2017
Patricia Byron	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2017
Bernadette Costello	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Patrick Gibbons	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Terry McWade	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
James Melly	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Jack Nagle	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Brendan O'Donoghue	Gnáthchomhalta	28 Feabhra 2017
Anne Stewart	Gnáthchomhalta	25 Bealtaine 2017

Rinne an Bord Athbhreithniú Éifeachtúlachta agus Athbhreithniú Measúnaíthe ar an mBord an 22 Meitheamh 2019.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar leanúint)

Tá dhá choiste curtha i mbun ag an mBord, mar a leanas:

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca; tá sé comhdhéanta de cheathrar Comhaltaí an Bhoird mar aon le shaineolaí seachtrach (ball nach bhfuil vóta aige/aici). Is é an ról atá ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ná chun tacaíocht a thabhairt don Bhord i dtaca lena chuid freagráchtai d'ábhair a bhaineann le riosca, le rialú agus le rialachas, agus an dearbhú a bhaineann leis sin uile. Tá an ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bliaín.

Is iad Patrick Gibbons (Cathaoirleach), Bernadette Costello, James Melly agus Anne Stewart atá ina mbaill den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Ceapadh an tUasal Eugene Kelly mar shaineolaí seachtrach (ball gan vóta) an 19 Samhain 2019. Bhí 6 chruinniú ag an ARC le linn 2019.

An Coiste um Chúram Otar; cuimsítear ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird leis. Is é ról an Choiste um Chúram Otar (PCC) scrúdú agus ceistiú a dhéanamh maidir le gnéithe na cailíochta, na bainistíochta riosca agus na slándála maidir le cúram otar de réir mar a bhaineann siad le bainistíocht ag an CNCC a thagann chun cinn as an bhfeidhm choimisiúnaithe dá chuid. Tuairiscíonn an PCC don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bliaín.

Is iad baill an Choiste um Chúram Otar Terry McWade (Cathaoirleach), Patricia Byron, Jack Nagle, Brendan O'Donoghue. Bhí 5 chruinniú ag an PCC le linn 2019.

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe de chuid an Bhoird agus na gCoistí in 2019 leagtha amach thíos, lena sonraithear na táillí agus na speansais a fuair gach uile chomhalta;

Comhaltaí an Bhoird	Bord	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste um Chúram d'Othair	Táillí 2019 €	Speansais 2019 €
Lion cruinnithe	8	6	5		
John Horan (Chair)	8			11,970	298
Patricia Byron	8		4	7,695	
Bernadette Costello	8	6		3,206	5,721
Patrick Gibbons	8	6		7,695	212
James Melly	8	5		7,695	359
Jack Nagle	8		5	7,695	770
Terry McWade	7		5	7,695	
Brendan O'Donoghue	7		4	7,695	
Anne Stewart	8	6		7,695	
				73,530	7,360

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar leanúint)

Athruithe ar Phríomhphearsanra

Ní dhearnadh aon athruithe ar an bpriomhphearsanra bainistíochta le linn na tréimhse tuairiscithe.

Nochtadh a Éilítéar ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a áirithíú go gcomhlíonnann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Córreála le ceangaltais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“An Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítéar leis an gCód na gnóthaí seo a leanas a nochtadh:

Costais Chomhairleachta:

	2019	2018
Cúrsaí Dlí	100,047	79,070
Caidreamh poiblí	50,075	107,821
Feabhsú gnó	94,494	0

Ní dhearnadh aon socraíochtaí dlí in 2019 ná in 2018.

Taisteal & Cothú:

	Intíre		Thar Lear		Iomlán	
	2019	2018	2019	2018	2019	2018
Foireann	75,015	63,839	0	0	75,015	63,839
Bord	7,360	5,397	0	0	7,360	5,397
Iomlán	82,375	69,236	0	0	82,375	69,236

Caiteachas ar Fháilteachas;

Tabhaíodh €337 maidir le fáilteachas inmheánach don bhliain 2019 (2018 €1,270).

Tabhaíodh €0 maidir le fáilteachas seachtrach don bhliain 2019 (2018 €0).

Sochair Ghearrthéarma Fostaithe;

Tá Sochair Ghearrhéarmacha Fostaithe nochtá i nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

Ráitis Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird (ar leanúint)

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun a áirithíú go gcomhlíontar an Cód. Chomhlíon an Ciste Násiúnta um Cheannach Cóireála an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina ionmláine don bhliain 2019.

Thar ceann Bhord an CNCC:



John Horan
Cathaoirleach
22nd Nollaig 2020



Patrick Gibbons
Comhalta an Bhoird
22nd Nollaig 2020

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC), aithním an fhreagracht atá ar an mBord chun a áirithíú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórás Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú. Dá bharr sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéanfar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfar iad a aimsiú in am tráthá.

Bhí an córas rialuithe inmheánacha, a réitíonn leis na treoracha a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an CNCC atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí an Bhoird. Bhuaile an CIR le chéile sé huaire in 2019.

Tá an CNCC tar éis feidhm iniúchóireachta inmheánaí a bhunú chomh maith dá dtugtar acmhainní imleora agus lena gcuirtear clár oibre chun feidhme arna chomhaontú leis an ARC. Déantar an Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí a sheachfhoinsíú do ghnólacht tráchtála.

Tá an ARC tar éis beartas um bainistiú riosca a phorbairt lena leagtar amach an inghlacthacht riosca dá chuid, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an beartas do na baill foirne go léir atá beartaithe le bheith ag obair faoi bheartais bainistíochta riosca an CNCC, chun an lucht bainistíochta a chur san airdeall maidir le rioscaí éiritheacha, chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Is mír bhuan í bainistíocht riosca ar chlár oibre ag cruinnithe an Bhoird agus ag cruinnithe an ARC araon. Tá Clár Roscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an CNCC agus aithníodh na rioscaí sin, rinneadh iad a mheasúnú agus a ghrádú in ord a suntasachta. Athbhreithníonn an ARC na rioscaí uile arna sainaithint ar an gClár Rioscaí mar aon leis an bplean bainistíochta le haghaidh an riosca sainaitheanta a mhaolú ag gach cruinniú. Cuirtear rioscaí a shaináithnítear ar feadh na bliana leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Sa bhreis air sin, déantar athbhreithniú ar na rioscaí atá rangaithe san áit is airde (iad sin atá rangaithe mar rioscaí ómra nó dearga), ar rioscaí nua agus ar rioscaí atá ag athrú ar an gClár Rioscaí ag gach cruinniú an Bhoird. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh d'fhonn a áirithíú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Sa chlár rioscaí sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as oibriú na rialuithe do bhaill foirne ar leith. Deimhníم go bhfuil timpeallacht rialaithe ann ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- rinneadh nósannaimeachta le haghaidh gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcoras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósannaimeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhníم go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm;

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun oibriú na bpriomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus chun aon easnaimh a shainainítear a thuairisciú
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar na leibhéal uile ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais agus feidhmíochta tréimhsíúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíochta i gcomparáid le buiséid agus réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhníم go bhfuil nósannaimeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a áirithiú agus gur chomhlíon an CNCC na nósannaimeachta siúd le linn 2019.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Dheimhnigh an Bord an 9 Márta 2020 go ndearna sé athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2019.


Tá nósannaimeachta i bhfeidhm ag an CNCC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a cuid nósannaimeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú an CNCC ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, ag an gCoiste um Chúram Othar a dhéanann monatóireacht ar rioscaí a bhaíneann le cóireálacha d'othair a choimisiúnú agus ag an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den CNCC atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a forbairt agus a chothabháil.

Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh:

Níor sainaithníodh aon laigí ábhartha sa rialú inmheánach maidir le 2019.

Thar ceann Bhord an CNCC:



John Horan
Cathaoirleach
22 Nollaig 2020



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas National Treatment Purchase Fund Board

Qualified opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Treatment Purchase Fund Board for the year ended 31 December 2019 as required under the provisions of section 5 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993. The financial statements have been prepared in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland* and comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, except for the non-compliance with the requirements of FRS 102 in relation to retirement benefit entitlements referred to below, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Treatment Purchase Fund Board at 31 December 2019 and of its income and expenditure for 2019 in accordance with FRS 102.

Basis for qualified opinion on financial statements

In compliance with the directions of the Minister for Health, the National Treatment Purchase Fund Board accounts for the costs of retirement benefit entitlements only as they become payable. This does not comply with FRS 102 which requires that the financial statements recognise the full cost of retirement benefit entitlements earned in the period and the accrued liability at the reporting date. The effect of the non-compliance on the National Treatment Purchase Fund Board's financial statements for 2019 has not been quantified.

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Treatment Purchase Fund Board and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Treatment Purchase Fund Board has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Andrew Harkness
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
22 December 2020

An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	2019	2018	
	Nótaí	€	€
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	2	75,000,000	55,022,000
Ioncam Eile		-	-
Ioncam Iomlán		<u>75,000,000</u>	<u>55,022,000</u>
Lúide: Caiteachas			
Caiteachas ar Chúram Otar	3	58,955,067	48,784,645
Speansais Riaracháin	4	5,817,714	4,612,121
Caiteachas Iomlán		<u>64,772,781</u>	<u>53,396,766</u>
Barrachas don Bhliain roimh Leithreasaí		10,227,219	1,625,234
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	11	(78,527)	(22,288)
Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasaí		10,148,692	1,602,946
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		7,617,487	6,014,541
Méideanna tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		<u>17,766,179</u>	<u>7,617,487</u>

Áirítéar sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe na gnóthachain agus na caillteanais go léir a aithnítear sa bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:

John Horan
Cathaoirleach
22 Nollaig 2020

Patrick Gibbons
Comhalta an Bhoird
22 Nollaig 2020

An Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €	2018 €
Sócmhainní Seasta	6	207,180	128,652
Sócmhainní Reatha			
Infhlátais agus Réamhíocaíochtaí	7	319,395	384,660
Airgead agus coibhéisí airgid	8	37,221,620	23,346,265
		<hr/> 37,541,015	<hr/> 23,730,925
Dliteanais Reatha (méideanna dlite taobh istigh d'aon bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha Cúraim agus Fabhruithe Cúraim	9	18,840,506	15,492,586
Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim	10	934,332	620,852
		<hr/> 19,774,838	<hr/> 16,113,438
Glansócmhainní Reatha		<hr/> 17,766,177	<hr/> 7,617,487
Glansócmhainní Iomlána		<hr/> 17,973,359	<hr/> 7,746,139
Arna léiriú ag			
Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí		17,766,179	7,617,487
Ioncaim Choinnithe			
Cuntas Caipitil	11	207,180	128,652
		<hr/> 17,973,359	<hr/> 7,746,139

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 16.

Thar ceann Bhord An Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála:

John Horan
Cathaoirleach
22ú Nollaig 2020

Patrick Gibbons
Comhalta an Bhoird
22ú Nollaig 2020

Statement of Cash Flows

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €	2018 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		10,227,219	1,625,234
Dímheas agus bearnúchán sócmhainní seasta	6	70,213	62,336
(Méadú)/(Laghdú) ar Infháltais		65,265	(281,661)
Méadú ar Shuimeanna Iníochta		3,661,399	7,777,126
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		14,024,096	9,183,035
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a shealbhú	6	(148,741)	(84,624)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(148,741)	(84,624)
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisi Airgid Thirim		13,875,355	9,098,412
Airgead agus Coibhéisi Airgid amhail ar an 1 Eanáir		23,346,265	14,247,853
Airgead tirim nó a chomhluach amhail ar an 31 Nollaig		37,221,620	23,346,265

Nótaí leis na ráitis airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. Beartas Chuntasaíochta

Tá bonn na mbeartas cuntasaiochta agus na mbeartas cuntasaiochta suntasach arna nglacadh ag Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bord an CNCC) leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Bord an CNCC faoi bhun an Ordaithe fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (Bunú) 2004 arna leasú leis an Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009 agus tá ceannoifig aige ag Teach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag Bord an CNCC:

- (i) Chun socruthe a chur i mbun le daoine, bíodh siad sin ina gcónaitheoirí sa Stát seo nó i dtír eile, le haghaidh cóireáil ospidéil a chur ar fail dá leithéid d'aicmí daoine de réir mar a bheartaíonn an tAire ó am go ham.
- (ii) Faisnéis a bhaineann le daoine atá ag feitheamh ar chóireáil ospidéil a bhailiú, a thiomsú agus a bhailíochtú, agus chun córais faisnéise agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun na críche sin;
- (iii) Chun comhairle a thabhairt don Aire de réir mar a iarrann an tAire, nó ar a thionscnaimh féin, ar ábhair a bhaineann lena fheidhmeanna.
- (iv) Aon fheidhmiú a bhaineann le ceannach cóireála ospidéil a d'fhéadfadh an tAire a shannadh dó ó am go ham.
- (v) Socruthe a dhéanamh le duine a mheasann sé a bheith oriúnach, agus é/í ina (h)úinéir de theach altranais, maidir leis an bpraghars ar a gcuirfear seirbhísí cúraim chónaithe fhadtréimhsigh ar fáil do dhaoine a bhfuil a leithéid de sheirbhísí de dhíth orthu, agus a bhfuil cúnamh airgeadais á fháil acu de réir an Achta fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009.

Eintiteas um Shochar Poiblí (PBE) is é Bord an CNCC.

b) Ráiteas Comhlíontacha

Uillmhaíodh ráitis airgeadais an CNCC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme in Éirinn agus sa RA a d'eisigh an Bardas um Thuairisciú Airgeadais (FRC), lasmuigh den fhíric go míntear pinsin ar bhonn íoc mar a thuillir. Ní chuirtear na forálacha faoi Alt 28, FRS 102 Sochair d'Fhostaithe i bhfeidhm agus níl aitheantas tugtha don dliteanas as sochair phinsin amach anseo a fhabhraítear sa bhliain sna ráitis airgeadais.

c) Bonn an Uillmhúcháin

Uillmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanas áirithe arna dtomhas ar luach cóir de réir mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

c) Bonn an Ullmhúcháin (ar lean)

Is de réir mar atá faofa ag an Aire Sláinte faoin Ordú fá Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Córreála (Bunú) 2004 atá na ráitis airgeadais déanta.

Cuireadh na beartais chuntaisáiochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach i dtaca le míreanna atá measta le bheith ábhartha i dtaca le ráitis airgeadais Bhord an CNCC.

d) Ioncam

Deontais ón Oireachtas

Déantar an t-ioncam reatha a thuairisciú ar bhonn fabhraithe, go hiondúil. Mar sin féin, cuirtear Deontais ón Oireachtas ar fáil chun tiomantais a bhaint amach le linn na bliana seachas speansais a fhabhraítar le linn na bliana agus déantar iad a thuairisciú ar bhonn fáltais airgid.

Is ionann tiomantais agus oibleagáidí nó gealltanais chun íocaíochtaí a dhéanamh san am atá le teacht le hOspidéil Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhileanais sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

e) Caiteachas ar chóram othar

Aithnítear caiteachas ar chóram sa bhliain ina gcuirtear an córam leighis ar fáil.

f) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna choigeartú maidir le haon fhoráil do bhearnú. Déantar foráil do dhímheas ar réadmhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh ar bhonn líne dhíreach ar rátaí a mheastar a laghdaíonn na sócmhainní chuig a luachanna iarmharacha faoi dheireadh a saolréanna ionchasacha úsáideacha mar a leanas:

Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	20% in aghaidh na bliana
Trealamh Oifige	20% in aghaidh na bliana
Troscán agus Feistis	10% in aghaidh na bliana

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfear amach ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis do chostais mheasta na diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an tsócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith ag deireadh a saolré úsáidí, agus an baill sin air.

Déantar caiteachas a thabhaítar i bhforbairt na gcóras ríomhaireachta, atá ina méid substaintíúil, agus a mheastar go mbaineann tairbhe eacnamaíoch leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin sa todhchaí, a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí eacnamaíocha chun cinn. Tá uasteorainn de 5 bliana leis an tréimhse sin. I gcás neamhchinnteachta maidir leis an tairbhe thodhchaíoch a bheidh i gceist aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

g) Fardal

Ós rud é nach gcoimeádann an Bord aon fhardal ábhartha, déantar na míreanna intomhalta éagsúla go léir (mar shampla, stáiseanóireacht, ábhar clóbhuailte etc.) a ghearradh go hiomlán don Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coinnithe sa tréimhse inar tabhaíodh iad den chéad uair.

h) Infháltais

Déantar infháltais a thuairisciú ar luach cóir, lúide an soláthar le fiachas amhrasach. Is foráil ar leith í an fhoráil maidir le fiacha amhrasacha, agus déantar í a bhunú nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Bord an CNCC in ann na méideanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir san fhoráil maidir le fiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coinnithe.

i) Léasanna oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Tuairiscítear an caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

j) Sochair Fostaithe

Sochair Ghéarrthéarmacha

Aithnítear sochair ghéarrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Is trí scéim le sochar sainithe a chuirtear teidlíochtaí pinsin ar fáil do na fostaithe atá fostaithe go díreach ag an mBord. De réir na treorach ón Aire Sláinte, ní dhéanfar aon fhorail leis na ráitis airgeadais i dtaca le sochair phinsin thodhchaíocha. Cuirtear maoiniú ar fáil de réir mar a íocatar íocaíochtaí pinsin.

Déantar cúiteamh ar ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear ó thuarastail fostaithe i gcoinne íocaíochtaí pinsin agus aithnítear iad mar chostais phinsin ghlana agus gearrtar iad don Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coinnithe nuair a íocatar iad.

Chomh maith leis sin, déanann an CNCC an Scéim Pinsin Seirbhís Poiblí Aonair (“An Scéim Aonair”) a riad, scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ar ceapadh iad an 1 Eanáir 2013 nó tar éis an dáta sin. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íocatar ranníocaíochtaí de chuid bhaill na Scéime Aonair.

Fanann na sochair phinsin atá ag baill foirne ar iasacht le Bord an CNCC faoi fhreagracht na máthair-chomhlachtaí dá gcuid. Is don Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchiste loncaim Coinnithe a ghearrtar an costas don fhostóir maidir leis na sochair sin agus íocatar ar ais é leis na máthair-chomhlachtaí.

k) Cuntas Caipitil

Léirítear leis an gcuntas caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a chuirtear i leith an chaiteachais chaipitil. Scaoiltear suimeanna ón gcúlchiste sin leis an Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste loncaim Coinnithe ar aon dul le dímheas agus díluacháil sócmhainní.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

I) Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Maidir le hidirbhearta airgeadra eachtraigh a dhéantar le linn na tréimhse, is ar an ráta malairte ar an dáta a tharlaíonn an idirbheart a áirítear an luach atá i gceist leis.

m) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Chun ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta cinntí, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear mar shócmhainní agus dliteanais ag an dáta tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear mar ioncaim agus mar speansais le linn na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó chinn atá réamh-mheasta. Mar sin féin, ní dhearnadh aon chinntí ann lena ndearnadh tionchar suntasach ar shuimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais le haghaidh 2019.

Dímheas agus Luachanna larmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag Bord an CNCC ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara na n-aicmí uile de shócmhainní seasta, agus go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch úsáideach agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus tháinig an Bord ar an tuairim go bhfuil saolréanna agus luachanna iarmharacha na sócmhainní iomchuí.

2. Deontais ón Oireachtas

Cuimsítear an méid a leanas leis na Deontais ón Oireachtas a leithdháltear le Vóta 38 Sláinte do Bhord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála, de réir mar atá léirithe sna ráitis airgeadais;

		2019 €	2018 €
Deontais le haghaidh caiteachas reatha	Fo-cheannteideal E3	75,000,000	55,022,000

3(a) Caiteachas ar Chúram Othar

In 2019 bhain an caiteachas a thabhaigh an CNCC le híocaíochtaí le hospidéil phoiblí agus phríobháideacha d'fhoí seirbhísí othar cónaitheach agus othar seachtrach a sholáthar d'othair ar liostaí feithimh. Tá an caiteachas briste síos de réir an íocaí agus na speisialtachta mar seo a leanas:

	2019 €	2018 €
Ospidéil Phríobháideacha	29,204,118	31,420,173
Ospidéil Phoiblí	<u>29,750,949</u>	<u>17,364,472</u>
	<u>58,955,067</u>	<u>48,784,645</u>

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

3 (b) Caiteachas ar Chúram Othar de réir speisialtóireachta	2019	2018
	€	€
Ortaipéidic	16,983,368	16,596,130
Oftailmeolaíocht	12,503,343	13,354,393
Máinliacht Ghinearálta	7,991,165	5,111,260
Úireolaíocht	4,460,945	2,772,059
CSS	4,315,406	3,254,690
Máinliacht Chairdiach / Cairdeolaíocht	4,272,734	3,586,180
Raideolaíocht	2,991,404	-
Néaramhánliacht	1,544,991	655,554
Ghínéiceolaíocht	1,468,511	261,083
Máinliacht Shoithíoch	962,213	2,264,842
Máinliacht Phlaisteach Neamhchosmáideach	597,733	376,582
Máinliacht Bhéil / Fiacla	354,346	424,758
Bainistíocht Péine	132,426	52,293
Néareolaíocht	128,108	-
Máinliacht Deirmeolaíochta	100,697	50,773
Riospráide	83,191	21,348
Réamaiteolaíocht	64,486	2,700
Iomlán	<u>58,955,067</u>	<u>48,784,645</u>

4 Speansais Riarracháin	2019	2018
	€	€
Párolla	Nóta 5	3,156,671
Cíos oifige	603,805	603,805
Seirbhísí gairmiúla	387,111	500,638
Speansais oifige	219,248	220,439
Post agus Bainistíocht Poist	678,474	-
Speansais ríomhaireachta	281,721	199,964
Cumarsáid	50,075	107,821
Oiliúint agus Earcaíocht	81,973	92,397
Táillí Dlí	100,047	79,070
Iompar agus Taistil	82,375	69,236
Dímheas	70,212	62,336
Glantachán agus cothabháil an áitribh	31,964	30,629
Táillí Iníúchóireachta	18,500	18,000
Árachas	19,626	15,191
Táillí bainc	35,789	14,492
Costais Ilghnéitheacha	123	137
	<u>5,817,714</u>	<u>4,612,121</u>

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

4 Speansais Riaracháin (ar lean)

Nóta: Áirítear an costas díreach chun ról an CNCC a riar faoin Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais sna tuarastail agus sna forchostais. B'ionann na costais sin agus €324,422 (2018 €243,502).

5 Luach Saothair

5(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána	2019	2018
	€	€
Sochair ghearrthéarmacha foirne	2,771,223	2,284,637
Íocaíochtaí pinsean	92,596	88,048
Rannfocaíocht fostóra le Leas Sóisialach	292,852	225,281
Costas Párolla Iomlán	3,156,671	2,597,966

Nóta: Tá costas iomlán an phárolla glan ó rannfocaíochtaí na foirne de €108,106, (2018 €87,924). Ba ionann na hasbhaintí ó thuarastail an foirne maidir le baill SPSPS (an Scéim Pinsin Seirbhísé Poiblí Aonair) agus €31,558 (2018 €14,659) agus íocadh iad leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

	2019	2018
Lín na foirne fostaithe (CL) ag deireadh na bliana	55	50

In 2018 bhí ball amháin na foirne ar iasacht ar bhonn sealadach le Gníomhaireacht eile. Fuarthas costas an tuarastail don bhall foirne sin ar ais ina iomláine ón nGníomhaireacht a bhí i gceist. Faoin 31 Nollaig 2019 bhí an ball foirne ar iasacht tagtha ar ais chuig fostáiocht leis an CNCC.

5(b) Sochair Ghearrtéarmacha Foirne	2019	2018
	€	€
Bunphá	2,765,345	2,280,447
Liúntais	5,878	4,190
	2,771,223	2,284,637

Níor íocadh aon sochair ragoibre nó sochair scoir sa bhliain (2018 Náid)

5(c) Tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh	2019	2018
	€	€
	132,682	127,912

Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir leis sin níos faide thar théarmaí scéim aoisliúntais eiseamláireach na seirbhísé poiblí. Ní áirítear luach na sochar scoir a thoilltear le linn na tréimhse i gceist sa mhéid thuas.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

5(d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Tá príomhphearsanra bainistíochta an CNCC comhdhéanta de Chomhaltaí an Bhoird, den Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, den Stiúrthóir Airgeadais, den Stiúrthóir TFC, den Stiúrthóir Iníúchta, Dearbhaithe Cáilíochta agus Taighde agus den Stiúrthóir um Nuáil Próiseas. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhphearsanra bainistíochta leagtha amach thíos;

	2019 €	2018 €
Tuarastal	635,493	479,824

Ní áirítear luach na sochar scoir a thoilltear le linn na tréimhse i gceist le tuarastail an phríomhphearsanra bainistíochta. Tá an príomhphearsanra bainistíochta, gan comhaltaí an Bhoird san áireamh, ina mbaill de Scéim Aoisliúntas an CNCC agus ní théann a gcuid dteidlíochtaí maidir leis sin níos faide thar théarmaí scéim aoisliúntais eiseamláireach na seirbhíse poiblí.

5(e) Briseadh síos sochar fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a aicmiú i mbandaí mar seo a leanas;

Ó	Go	Líon na bhFostaithe	
		2019	2018
€60,000 -	€69,999	7	5
€70,000 -	€79,999	1	-
€80,000 -	€89,999	3	2
€90,000 -	€99,999	1	-
€100,000 -	€109,999	-	-
€110,000 -	€119,999	-	-
€120,000 -	€129,999	-	1
€130,000 -	€139,999	1	-
Total		13	8

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear mar shochair gearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe, tuarastail, liúntais, agus aon íocaíochtaí eile a rinneadh ar son an fhostaithe, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra leo.

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

5(f) Comhaltaí an Bhoird

Líon na gCruinnithe	Board	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	An Coiste um Chúram d'Othair	Táillí 2019 €	Speansais 2019 €
John Horan (Chair)	8		6	11,970	298
Patricia Byron	8		4	7,695	
Bernadette Costello	8	6		7,695	5,721
Patrick Gibbons	8	6		7,695	212
James Melly	8	5		7,695	359
Jack Nagle	8		5	7,695	770
Terry McWade	7		5	7,695	
Brendan O'Donoghue	7		4	7,695	
Anne Stewart	8	6		7,695	
				73,530	7,360

6 Maoin, Gléasra & Innealra

Costas	Trealamh agus Bogearrai Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Troscán, Daingneáin agus Feistis	Iomlán
	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2019	4,902,190	177,407	394,680	5,474,277
Breiseanna	147,521	-	1,220	148,741
Diúscairtí		-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2019	5,049,711	177,407	395,900	5,623,018
Dímheas				
Amhail an 1 Eanáir 2019	(4,801,964)	(157,330)	(386,331)	(5,345,625)
Táille don bhliain	(62,789)	(6,067)	(1,357)	(70,213)
Diúscairtí		-	-	-
Amhail an 31 Nollaig 2019	(4,864,753)	(163,397)	(387,688)	(5,415,838)
Glanluach de réir na leabhar				
Amhail an 1 Eanáir 2019	100,226	20,077	8,349	128,652
Glangluaiseacht don bhliain	84,732	(6,067)	(137)	78,528
Amhail an 31 Nollaig 2019	184,958	14,010	8,212	207,180

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	2019	2018
	€	€
7 Infhláitais agus réamhíocaíochtaí		
Réamhíocaíochtaí Éagsúla	297,038	363,201
Infhláitais Éagsúla Eile	22,357	21,459
	<hr/>	<hr/>
	319,395	384,660
	<hr/>	<hr/>
8 Airgead agus Coibhéisí Airgid		
Cuntas Bainc Reatha	621,320	23,345,965
Nótaí Státhchiste NTMA	36,600,000	-
Mionairgead	300	300
	<hr/>	<hr/>
	37,221,620	23,346,265
	<hr/>	<hr/>
9 Suimeanna Iníoctha Cúraim agus Fabhruithe Cúraim		
Suimeanna Iníoctha Cúraim	400,235	0
Fabhruithe Cúraim	18,440,271	15,492,586
	<hr/>	<hr/>
	18,840,506	15,492,586
	<hr/>	<hr/>
10 Suimeanna Iníoctha Neamhchúraim agus Fabhruithe Neamhchúraim		
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	491,649	254,102
ÍMAT / ÁSPC agus Tobhaigh Rialtais	90,654	84,563
Suimeanna iníoctha agus fabhruithe eile neamhchúraim	352,029	282,187
	<hr/>	<hr/>
	934,332	620,852
	<hr/>	<hr/>
11 Cuntas Caipitil		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	128,652	106,364
Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a shealbhú	148,741	84,624
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(70,213)	(62,336)
Glangluaiseacht sa Chuntas Caipitil	78,528	22,288
	<hr/>	<hr/>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	207,180	128,652
	<hr/>	<hr/>

Nótaí a Ghabhann Leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

12 Chomhaontú Léasa

Tá an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála lonnaithe i dTeach Ashford, Sráid na Teamhrach, Baile Átha Cliath 2, faoi chomhaontú léasa a thosaigh an 1 Eanáir 2016 agus a rachaidh in éag an 31 Nollaig 2020. Is ionann an t-achar urláir iomlán san fhoirgneamh agus 935m² agus ag dáta na tréimhse tuairiscithe bhí 100% de áitithe ag an CNCC.

Nithe ar cíos faoi léasanna oibriúcháin (arna gcur chun dochair Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe)	2019	2018
	€	€
Tailte agus Foirgnimh	603,805	603,805
Tá na gealltanais a leanas ag an mBord faoi léasanna oibriúcháin a rachaidh in éag	2019	2018
	€	€
Laistigh de 1 Bhliain amháin	603,805	603,805
Laistigh de 2 bhliain go 5 bliana	-	603,805

13 Tiomantais

Is ionann tiomantais agus oibleagáidí nó gealltanais chun íocaíochtaí a dhéanamh san am atá le teacht le hOspidéil Phoiblí nó Phríobháideacha atá ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe ach nach bhfuil aitheanta fós mar dhílteanas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Ghlac othair phoiblí le tairiscintí cóireála, dar luach measta €16m (2018 €8m), ag dáta an tuairiscithe le haghaidh cóireálacha a bheidh ar siúl sa bhliain le teacht. Ós rud é go n-ullmhaítar na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe, níl na tiomantais sin aitheanta mar dhílteanas ag an dáta tuairiscithe.

14 Nochtuithe maidir le Páirtithe Gaolmhara

Tá príomhphearsanra an CNCC comhdhéanta de chomhaltaí an Bhoird, den POF agus de bhainisteoirí sinsearacha. Féach Nóta 5 chun teacht ar bhriseadh síos ar an luach saothair agus ar na sochair a íocatar leis an bpriomhphearsanra.

Glacann bord an CNCC le nósanna imeachta atá i gcomhréir leis na treoirlínte a d'éisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena gcuimsítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird. I ghnáthchúrsa gnó féadfaidh Bord an CNCC socrutithe conarthacha a dhéanamh le heintitis ina bhfuil comhaltaí de chuid Bhord an CNCC ina bhfostaithe nó a bhfuil leasanna de chineáil eile acu iontu. Ní raibh aon ghnó ag Bord an CNCC le haon chomhlacht a bhfuil baint aige le duine ar bith de chomhaltaí an Bhoird le linn na bliana.

15 Teagmhais tar éis an dáta tuairiscithe

Ní raibh aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais seo a fhaomhadh óna dteastaíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord paindéim Covid-19 mar theagmhas suntasach a tharla tar éis an dáta tuairiscithe. Glacann an Bord leis an gcás mar theagmhas tromchúiseach agus tá monatóireacht á déanamh aige ar an gcás, i gcomhar leis an lucht bainistíocha, ar bhonn leanúnach. Lean an gnólacht chun a oibriú agus bearta i bhfeidhm chun an fhoireann

a chosaint. Go dtí seo, coinnítear le gníomhaíochtaí a reáchtáil agus táthar ag dul i dtaithí ar an dóigh éagsúil ina ndéantar an gnó a sheachadadh.

Le linn 2020, chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm ar chumas an CNCC chun cóireálacha roghnacha a eagrú d'othair ar liostaí feithimh. Go háirithe, rinneadh an cumas sin a theorannú idir deireadh mhí an Mhárta agus túis mhí lúil, i bhfianaise inter alia na rátaí arda de theagmhais Covid-19, na treorach ó NPNET maidir le gnáthaimh roghnacha nach raibh criticiúil ó thaobh ama de agus shocrú an Stáit le hospidéil phríobháideacha. Dá bhrí sin, ní dhearna an CNCC an leithdháileadh ioncaim iomlán a tharraingt anuas le haghaidh 2020. Ó mhí an Mhárta 2020 ar aghaidh d'oibrigh an CNCC, i ndlúthchomhar leis an Roinn Sláinte, le Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte agus le gníomhaireachtaí eile, chun tacú leis an bhfreagairt Náisiúnta don phaindéim.

Tá maoliniú breise á leithdháileadh don CNCC maidir le 2021 chun tabhairt faoi liostaí feithimh.

Measann an Bord, ós rud é go soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí arna maoliniú ag cistí a chuirtear ar fáil ón Státhiste, tríd an Roinn Sláinte, go bhfuil sé iomchuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

16 Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh Bord an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála na Ráitis Airgeadais an 22 Nollaig 2020.

Aguisín i - Nochtuithe Cosanta Blantúla

I gcomhréir le hAlt 21 den Acht um Nochtuithe Cosanta, 2014, bhunaigh an CNCC nósanna imeachta atá á gcoimeád aige ionas gur féidir le fostaithe reatha nó le hiar-fhostaithe nochtuithe cosanta a dhéanamh i dtaca leis an CNCC agus an obair dá chuid agus chun déileáil lena leithéid de nochtuithe. Cuireadh faisnéis i scríbhinn maidir leis na nósanna imeachta sin ar fáil do na fostaithe uile.

Ní raibh aon nochtuithe cosanta ann in 2019.

Aguisín ii – Príomhrioscaí

Cur Síos ar an Riosca	Rialuithe Reatha / Gníomhartha atá Beartaithe
Líon imleor de chóireálacha d'othair eagraithe nó teorainneacha ar chumas laistigh den chóras cúram sláinte agus othair ag feitheamh níos faide ná mar a bhí réamh-mheasta mar thoradh orthu sin:	<p>Próisis um pleánáil seachadta i bhfeidhm.</p> <p>Le monatóireacht ar dhul chun cinn trí PAMS soláthraítear sonraí fíor-ama ar leibhéal an othair maidir le tuarascálacha, rud lena ligtear don CNCC díriú ar na gníomhartha a theastaíonn.</p> <p>Maoirseacht dhlúth ag an mBord agus ag an bhFeidhmeannas.</p>
Luach ar airgead a bhaint amach agus praghnsanna á n-idirbheartú agus seirbhísí cúram sláinte ardchaighdeáin á gceannach:	<p>Treoirínte soláthair phoiblí agus próisis um sholáthar iomaíoch iomchuí a chomhlíonadh.</p> <p>Maoirseacht ón bhfeidhmeannas le tacaíocht ó iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha neamhspleácha ar chórais rialaithe.</p>
Idirbheartaíocht praghnsanna do Chúram Cónaitheach Fadtréimhseach:	<p>Maoirseacht agus aontú ón bhfeidhmeannas maidir le hidirbheartaíocht praghnsanna agus gníomhais uile agus tuarascálacha rialta chuig an mBord agus chuig an POF.</p> <p>Cruinnithe agus teagmháil le páirtithe leasmhara gaolmhara ar bhonn leanúnach.</p> <p>Critéir fhoilsithe maidir le hidirbheartaíocht lena n-áirítear an próiseas achomhairc.</p>
Neamh-chomhlíontacht maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus rialachais chorparáidigh:	<p>Ceanglais dhlíthiúla agus rialála a chomhlíonadh.</p> <p>An Creat Rialachais.</p> <p>Iniúchtaí Inmheánacha.</p> <p>Beartais agus nósanna imeachta an CNCC a chur i bhfeidhm.</p> <p>Maoirseacht ón bhFeidhmeannas agus ón mBord.</p>
Riosca calaoise agus caillteanas airgeadais ina thoradh uirthi:	Tá bainistíocht airgeadais faoi réir ag próisis agus ag rialuithe. Tá creat na bpróiseas agus rialuite airgeadais faoi réir ag iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha bliantúla, agus ag maoirseacht ón bhfeidhmeannas agus ón mBord.
Rioscaí um Sholáthraithe Tríú Páirtí:	<p>Próisis bainistíochta conarthaí, monatóireacht ar fheidhmíocht ag an bhfeidhmeannas, córas tairisceana agus soláthair, athbhreithniú dlíthiúil ar chonarthaí móra, saineolas soláthair seachtrach.</p> <p>Úsáidtear creatáí Soláthair an Rialtais nuair is féidir.</p>
D'fhéadfadh comhoibriú ó pháirtithe leasmhara nó teorainneacha ar acmhainní an chórais cúram sláinte cumas an CNCC a shrianadh a chuid feidhmeanna a sheachadadh.	<p>Teagmháil leanúnach le páirtithe leasmhara.</p> <p>Cur chuige fadhbréitithe, oscailte</p> <p>Leanúint le rannpháirteachas leis an Roinn Sláinte agus FSS - cruinnithe rialta san áireamh.</p>

